Oifig Náisiúnta Imdhíonta
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir,Sráid an Mhainéir,Baile Átha Cliath 7
T: 01 8676108 R: immunisation@hse.ie LG: www.immunisation.ie

HSE National Immunisation Office
Unit 8/9 Manor St Business Park, Manor St, Dublin 7
Tel: 01 8676108 Email: immunisation@hse.ie Website: www.immunisation.ie

Meán Fómhair 2021

**Clár Vacsaínithe sna Bunscoileanna in 2021/2022**

A Phríomhoide, a chara,

Is mór ag FSS comhoibriú Príomhoidí agus foirne bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta i gcur i bhfeidhm Chlár Imdhíonta FSS le haghaidh Scoileanna arb aidhm dó leanaí a chosaint ar ghalair thógálacha thromchúiseacha.

Seo litir chun tú a chur ar an eolas faoi chlár vacsaínithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) sna scoileanna in 2021/2022. Leanfar leis an teanndáileog ghnáthaimh den vacsaín don diftéire, triuch, póilió agus teiteanas agus leis an dara dáileog den vacsaín don bhruitíneach, leicneach agus rubella (MMR) i gcomhair daltaí sna naíonáin Shóisearacha. Foirne vacsaínithe de chuid FSS a thabharfaidh na vacsaíní seo i mbunscoileanna ar fud na tíre seachas Dún na nGall, Sligeach agus Liatroim, áiteanna a mbeidh siad tugtha ag dochtúirí ginearálta ina lialanna.

Is maith is eol dúinn go mbeidh scoileanna ag tabhairt faoi dhúshláin shuntasacha le linn na scoilbhliana atá le teacht agus tuigimid go maith go bhféadfadh deacrachtaí praiticiúla teacht chun solais de bharr na géarchéime COVID-19 a chuirfeadh isteach ar an gclár imdhíonta le haghaidh scoileanna.

Glactar leis go mbeidh scoileanna áirithe in ann fáilte a chur roimh fhoirne scoile FSS i rith uaireanta scoile, ach go mbeidh socruithe malartacha de dhíth ar scoileanna eile. Is mór againn do chuid tacaíochta maidir le bheith ag obair i gcomhpháirt le foirne scoile FSS chun teacht ar réitigh le cinntiú go ndéanfar daltaí a vacsaíniú.

Ba mhór againn é dá ndéanfadh scoileanna pacáistí faisnéise FSS a thabhairt amach do na daltaí mar is gnách. Agus na foirmeacha toilithe comhlánaithe ar fáil, beidh foirne scoile FSS in ann na seisiúin imdhíonta a phleanáil roimh ré—rud atá thar a bheith tábhachtach, go háirithe i mbliana.

Ní féidir leis na daoine óga vacsaín a fháil go dtí go bhfuil an fhoirm toilithe sínithe ag tuismitheoir nó ag caomhnóir. Chun é a chur i gcuimhne do thuismitheoirí na foirmeacha toilithe a chur ar ais b'fhéidir gur mian leat faisnéis faoin gclár vacsaíne a chur ar do shuíomh gréasáin, cuntais na meán sóisialta nó téacs a chur thart. Mholfaí an téacs seo a leanas don mheabhrúchán "*Beidh foirne FSS ag tabhairt cuairte ar ár scoil ar na dátaí le haghaidh vacsaínithe do dhaltaí naíonán sóisearach. Tá bileoga faisnéise agus foirmeacha toilithe seolta abhaile leis na daltaí. Bí ag faire amach don fhaisnéis seo agus seol an fhoirm toilithe sínithe ar ais chuig an scoil a luaithe is féidir. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na vacsaíní a fháil ag www.immunisation.ie*"

Maidir le slánaíocht in aghaidh dliteanais ar bith a thiocfadh as an ról a ghlacann scoileanna faoi láthair i gcomhair na vacsaínithe i scoileanna, is ceist í sin a thabharfadh FSS agus/nó an Roinn Sláinte aghaidh uirthi.

Leanfaidh na foirne vacsaínithe FSS orthu ag oibriú leat chun a chinntiú go gcuirfear seisiúin vacsaínithe na bliana seo i gcrích chomh héifeachtúil agus is féidir. Mar a rinne siad riamh, cloíonn siad le polasaithe na scoile nuair a bhíonn siad ag cur na seirbhíse seo ar fáil. Má tá tuilleadh eolais ag teastáil uait féin nó ó thuismitheoir ar bith, tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin, gheobhaidh tú sonraí teagmhála d'oifig imdhíonta áitiúil a fháil freisin ar www.immunisation.ie.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil arís leat as tacú leis an gclár imdhíonta le haghaidh scoileanna le linn na tréimhse dúshlánaí seo.

Is mise, le meas,

**An Dr Lucy Jessop, Stiúrthóir na Sláinte Poiblí, Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
**Uimhir Chlárúcháin Leighis 424447**